Seachtain den Scoth

Seo cuid de na daltaí a d'fhreastal ar na ranganna ar an fhidil le Andrew Neylon le linn Scoil Ceoil an tSamhraidh Broderick-Carty 13-18 Iúil.

Bhí clár leathan leagtha amach le haghaidh **Scoil Ceoil an tSamhraidh** agus **Féile Touhey** a mhair idir 13-20 Iúil.

Bhí deis ag daltaí réimse leathan uirlisí ceoil traidisiúnta a fhoghlaim i rith na seachtaine agus béim ar leith ar stíl ceoil Oirthear na Gaillimhe. Bhí réimse ranganna ar fáil do fhoghlaimeoirí, feabhsóirí, ranganna ard-leibhéal mar aon le seisiúin éagsúla ar toipicí agus ar ghléasanna ceoil ar leith. Bhí freastal maith ó gach aois-ghrúpa ar leibhéil éagsúla. Bhí deis ag gach dalta rince ceilí is seit a fhoghlaim mar aon le roinnt amhráin traidisiúnta. Faraor, bhí imeachtaí lae is oíche ag gabháil ar aghaidh ar feadh na seachtaine chomh maith.

Bhí cuairteoirí speisialta ag tabhairt faoi cheardlanna ar leith; Bhí taispeántas 'Powerpoint' ag *Tomás Peterváry* ar logainmneacha áitiúla agus ar na suíomhanna seandálaíochta sa cheantar. Bhí seisiún scéalaíochta leis an seanchaí *Eddie Lenihan* ina raibh tagairtí go leor do shíoga, taibhsí is eile. Bhí ceardlann ar leith eagraithe ag *Dick Joyce* ar an bhosca ceoil. Cuireadh fáilte mhór roimh *Treasa Ní Cheannabháin* agus í i mbun ceardlann amhránaíochta ar an tsean-nós. Ní amháin sin ach bhí spéis iontach sa cheardlann faoi stiúir *Sheosamh Uí Neachtain* agus é ag teagasc damhsa ar an tsean-nós. Ar ndóigh, cuireadh béim ar leith ar

bhuanna cheol traidisiúnta an cheantair a bhuanú agus léacht tugtha ag *Mairtín* agus *Micheál Ó Fathaigh* ar an ábhar ag dul siar ar shaibhreas an cheoil agus cur síos ar cheoltóirí na háite leis.

Seo Micheál Ó hEiligh, Bríd Ní Ghiobáin agus Des Neylon a bhí ar chuid de na daoine a d'fhreastal ar an cheardlann amhranaíochta ar an tsean nós leis an amhránaí Treas Ní Cheannabháin.

Mar chlabhsúr ar an **Scoil Ceoi**l, bhí ceolchoirm iontach speisialta ag na daltaí féin ag feirm na bPeataí agus ba mhór an ónóir do thuismitheoirí, cairde agus pobal na háite ceithre scór dalta i mbun ceolchoirme ar ardán.
Mar a tharla, cuireadh rang speisialta ar siúl do pháistí ón **Bhealarúis** maidin amháin ina raibh ceacht tugtha dóibh ar an fheadóg stáine agus ghlac siad féin páirt sa cheolchoirm fosta.
Lean ceiliúradh na seachtaine agus tús curtha le **Féile Touhey** 18-20 Iúil.
Rinneadh comóradh ar an phíobaire seo a rugadh go háitiúil agus a bhain clú agus cáil amach go hidirnáisiúnta de bharr a bhuanna ar na píobaí. Ar ndóigh, bhí na píobaí uilleann go mór le cloisteáil i gcomharsanacht **Locha Riach** le linn na féile seo agus ceardlanna is ranganna ar leith ag díriú ar ghrúpaí is ar chaighdeáin éagsúla.
Le tús a chur l'imeachtaí dheireadh na seachtaine, bhí léacht comórtha le *Pat Mitchell* ar shaol is ar shaothar *Patsy Touhey* mar aon le taispeántas Píbe speisialta ag *Joe Doyle* sa leabharlann. Labhair *Gay McKeon*, *CEO na Píobairí Uilleann*, ar thábhacht an fhéile agus ar an mheas atá ag píobairí ar fud na cruinne ar *Patsy Touhey* agus é ag oscailt na féile go hoifigiúil. Díreach ina dhiaidh sin, bhí ceilí mór leis buíon ceoil *'Glenside'*.

Cuireadh ranganna agus ceardlanna ar na píobaí ar siúl thar dheireadh na seachtaine. Bhí seoladh leabhar *'The Turoe Stone Vol.II'* leis an chumadóir ceoil de bhunadh na háite Vincent Broderick a bhuaigh gradam ceoil TG4 roinnt blianta ó shin. Caithfidh a rá, áfach go raibh an cheolchoirm mhór in ómós *Patsy Touhey* 19 Iúil ar an mhír is speisiúla sa chlár agus réimse leathan ceoltóirí ag glacadh páirte... *Joe* agus *Ann Conroy Burke*, *Joe Doyle, Ciara Maxwell, Pat* agus *Val Broderick, Michael Rafferty, John Joe Forde, Cormac Ó Briain*, *Steve Porter, Mikie Smith, Richard* agus *David Neylon*, *Comhaltas Ceoltóirí Éireann* is go leor eile. I measc na bpíobairí a bhéas thart thar dheireadh na seachtaine chomh maith beidh:, *Cormac Ó Briain, Steve Porter, Mikie Smith* agus *Richard Neylon*.

Ag seoladh Fhéile Touhey sa Leabharlann i mBaile Locha Riach, bhí Pat Mitchell a thug an léacht comórtha, Gay McKeon C.E.O. Na Píobairí Uilleann agus Joe Doyle a d'oscail an fhéile go hoifigiúil.

Bhí aifreann fíor-speisialta eagraithe sa mhainistir ina raibh go leor ceoil seinnte agus cuireadh clabhsúr l'imeachtaí na seachtaine agus *'Picnic na bPíobairí'* ar siúl ag gairdín na gceoltóirí agus ag an áit a rugadh *Patsy Touhey*.

Caithfidh a rá go raibh seisiún ceoil bríomhar ar siúl gach oíche i rith na seachtaine Luan-Domhnach 13- 20 Iúil agus siamsaíocht den scoth curtha ar fáil.

Ag labhairt ar na himeachtaí ar fad, dúirt *Michael Fahy, Cathaoirleach CCÉ Bhaile Locha Riach* nach raibh aon amhras air ach gur m,hothaigh sé gur bhain go leor daoine an-sult as imeachtaí na seachtaine. Ghabh sé buíochas ar leith roimh an choiste eagraithe, roimh na múinteoirí uile agus teaghlaigh a thacaigh go mór l'imeachtaí na seachtaine. D'admhaigh sé

go raibh gá le forbairt i gcónaí agus go raibh pleananna leagtha amach cheana féin le feabhas a chur ar chúrsaí don bhliain seo chugainn.

Faraor, ní dhearna sé dearmad buíochas a ghabháil leis an tacaíocht flaithiúil ó Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus foinsí urraíochta eile.

Val agus Pat Broderick, de bhunadh na háite, a ghlac páirt i bhFéile Patsy Touhey agus iad ag seinm le linn na ceolchoirme i mBaile Locha Riach le deireannas.